An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Déardaoin 16 Iúil 2015

Tionóladh cruinniú den Chomhairle in Óstán an Mont Clare ar Shráid na Clárach ar an 16 Iúil 2015.
I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Yvonne Ní Mhurchú, Aindrias Ó Muineachán Elaine Ní Neachtain, Sinéad Nic Giolla Cionnaigh, Deirbhile Nic Craith, Séamus Ó Fearraigh, Seán Mac Nia.
Aíonnna: An tAire Jan O'Sullivan, T.D., Pádraig Mac Fhlannchadha, Príomhchigire Cúnta.
Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannaich), Deirdre Ní Chaomhánaigh
Leithscéalta: Marina Ní Threasiagh, Dairíona Nic Con Iomaire, Robbie Cronin.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Fáiltiú an Chathaoirligh roimh an Aire Oideachais agus Scileanna	Chuir an cathaoirleach fáilte roimh an Aire – an chéad aire le freastal ar chruinniú de chuid COGG, agus ghuigh sé ádh mór uirthi ina cuid oibre.	
2. Aitheasc an Aire	Chuir an tAire fáilte roimh an mbord nua. Luaigh sí na dualgais a bheidh orthu agus ar COGG: i. Tacú le Feidhmiú na Straitéise 20 Bliain ii. acmhainní don churaclam nua Gaeilge, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile don tSraith Shóisearach. iii. Comhairliúchán faoin nGaeilge sa tSraith Shóisearach. Bhí na torthaí neamhchonclúideach ón gcéad bhabhta. Is gá tuilleadh moltaí a lorg faoi oiriúnacht an ghearrchúrsa. iv. Oideachas Gaeltachta. 500 freagra ón bpobal. Polasaí le seoladh go luath sa bhliain nua. v. Ról an-láidir ag COGG i dteagasc na Gaeilge. Struchtúr an bhoird nua níos lú. Tá COGG agus an CNCM san fhoirgneamh céanna chun cumarsáid a chothú eatarthu. Beidh COGG ag díriú ar theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla. Cuideoidh an bheirt oifigeach oideachais nua leis an obair seo. Comhoibriú Thuaidh Theas le forbairt ag leithéidí Séideán Sí.	
3. Plé agus Ceisteanna	Ceist faoi easpa acmhainní. Thuig an tAire go bhfuil gá le hacmhainní breise le plé le ceist an	

	oideachais sa Ghaeltacht. Ardaíodh trí phointe faoi oideachas sa Ghaeltacht: 1. Scéim DEIS. 2. Réamhscolaíocht. 3. Na doiciméid chigireachta don réamhscolaíocht. Luaigh an tAire go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an scéim DEIS. Agus is i nGaeilge a beidh an mheastóireacht réamhscolaíochta a dhéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna sna Gaeltachtaí. Dúradh gurb iad an 2 rud is mó atá ag teastáil ná clár teagaisc don Ghaeilge i scoileanna Béarla, agus clár tacaíochta gairmiúil, agus gurb í an fhadhb is mó go dtí seo ná easpa polasaí don Ghaeltacht. Freagraíodh go mbeidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil agus go soláthrófar go leor ábhair tacaíochta do churaclam teangacha na bunscoile. Pléadh turais chun na Gaeltachta a chosnaíonn thart ar €1000 ar ábhair oidí. Pléadh an t-éileamh ard ar oideachas trí Ghaeilge sa Ghalltacht, agus an easpa soláthair ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Dúradh gur gá a chinntiú go bhfuil deis ag Aonaid fás ina scoileanna neamhspleácha. Luadh an gá atá ann cúrsaí a bheith ar fáil dírithe ar an teagasc trí Ghaeilge. Tréaslaíodh leis an Aire as ceist an oideachais sa Ghaeltacht a ardú, agus luadh gur ghá leanúint leis an obair sin. Thuig an tAire go bhfuil gá le hacmhainní breise agus forbairt ar scileanna teagaisc. Freagraíodh go bhfuil moltaí faighte	

	conas na hAonaid a láidriú, go háirithe san idirthréimhse idir aonad agus scoil neamhspleách. Is deacair áiseanna a roinnt idir Thuaisceart Éireann agus an Deisceart. Iarradh go gcuirfí meicníocht i bhfeidhm le sin a dhéanamh. Dúirt an tAire go bpléifeadh sí sin leis an Aire sa Tuaisceart. Gabhadh buíochas leis an Aire as a cuairt.	
4. Fáilte an Chathaoirligh roimh an mbord nua	Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mbord nua.	
5. Cur in aithne na gcomhaltaí	Chuir na baill iad féin in aithne.	
6. Léargas ar COGG	Thug an príomhfheidhmeannach tuairisc ar chúlra agus obair COGG.	
7. Miontuairiscí Márta 2015	Léadh agus glacadh leis na miontuairiscí. Ag éirí astu: bhí ceist ann faoin meamram tuisceana. Míníodh gur cuireadh meamram le chéile agus go gcuirfear cóip chuig gach ball den bhord le haiseolas a fháil faoi. Pléadh Banda 3 de CLEITE a bheidh i gcló faoin bhFómhar. Pléadh an clár nua reiligiúin 'Grow in Love'. Moladh go ndéanfaí teagmháil le Veritas faoi oiriúnacht na teanga sa leagan Gaeilge, agus féachaint cén réiteach is fearr.	Cóip den mheamram tuisceana le cur chuig gach ball, le haiseolas a lorg. Teagmháil le déanamh le Veritas faoin gclár nua reiligiúin, agus leagan sásúil Gaeilge a bheith ar fáil.
8. Tuairisc airgeadais	Cuireadh an tuairisc airgeadais i láthair agus glacadh leis.	
9. Scéim mhaoinithe áiseanna teagasic 2015 – le faomhadh	Pléadh na hiarratais agus glacadh le moladh an phainéil i mbeagnach gach cás. Cuireadh 3 cinn siar go dtí go bhfaighfear soiléiriú, agus diúltaíodh do dhá cheann.	
10. Sparántachtaí taighde 2015 – le faomhadh	Glacadh le moltaí an phainéil i ngach cás.	
11. Iarratais bhreise	Pléadh 4 iarratas breise, glacadh le 2 cheann, diúltaíodh do cheann amháin agus cuireadh cinneadh siar i gcás ceann amháin.	Teagmháil le déanamh le hiarratasóir le tuilleadh eolais a fháil.
12. Oideachas Gaeltachta	Moladh go mba chóir do gach iar-	

	bhunscoil Ghaeltachta aighneacht a dhéanamh le haitheantas DEIS a fháil. Moladh go scríobhfaí aighneacht ó COGG, ag éileamh cás speisialta do na scoileanna Gaeilge. Moladh litir buíochais a sheoladh chuig an Aire, agus tagairt ann do na ceisteanna a ardaíodh.	Litir le seoladh chuig an Aire.
13. Tuairisc ón CNCM	**<u>Luath-Óige & Bunscoil</u>** **An Treoir Cleachtais** ▪ Treoir cleachtais d' Aistear Síolta ar fáil ar shuíomh CNCM www.aistearsiolta.ie **Mata Bunscoile** ▪ Tús leis an obair ar fhorbairt churaclam nua mata ó naíonáin go rang a dó ▪ Foilsíodh 2 thuarascáil taighde (coimisiúnaithe ag CNCM) ag deireadh mhí na Samhna. ▪ Uasdátaithe ar dhul chun cinn le fáil ar an suíomh www.ncca.ie/primarymaths ▪ Forfheidhmiú (tuartha) i scoileanna i Meán Fómhair 2018 **Curaclam Comhtháite Teangacha** ▪ Faofa ag Comhairle CNCM, agus déanfaidh an Roinn priontáil, seachadadh, agus seoladh an churaclaim ▪ Beidh an CCT ar fáil ar curriculumonline.ie san Fhómhar. **<u>Iar-bhunscoil</u>**, **<u>Sraith Shóisearach</u>** **Gaeilge** ▪ Tuarascáil ar chomhairliúchán an dréacht-shonrúcháin don Ghaeilge le foilsiú go gairid ▪ Cuirfear leis an gcomhairliúchán san Fhómhar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn san aiseolas **Ealaín & Nuatheangacha**	

	▪ Comhairliúchán poiblí faoi lán seoil – suirbhé ar líne beo le coicís anuas do na Nuatheangacha ▪ Ealaín, ceard agus dearthóireacht, suirbhé díreach oscailte agus beo ▪ Tuilleadh eolais ar juniorcycle.ie nó ag http://ow.ly/PHqHX **Sraith Shinsearach** **Eacnamaíocht, Eolaíocht Talmhaíochta agus Mata Fh.** ▪ Tréimshí comhairliúcháin thart, tuarascálacha le teacht ▪ Grúpaí forbartha ag obair ar an Eacnamaíocht agus ar an Eolaíocht Talmhaíochta **Gaeilge na hArdteiste** **Taighde ar leasuithe curaclaim 2007** ▪ Tá taighdeoirí ag obair air seo anois. Labhróidh siad le múinteoirí agus le scoláirí dara leibhéal mar chuid den taighde. Pléadh an taighde seo. Léiríodh imní faoin moill a bhí , atá, agus a bheidh air, agus faoi na fadhbanna a chruthóidh sé.	
14. Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Coiste Iniúchóireachta agus Riosca – 3 de dhíth, beirt ón mbord agus duine neamhspleách. Moladh 3 chruinniú in aghaidh na bliana.	Cuireadh le tabhairt don chathaoirleach atá molta.
15. Coiste polasaí agus pleanála	An gá atá lena leithéid. Tiocfar ar ais chuig an gceist ag an gcéad chruinniú eile.	
16. Dátaí cruinnithe 2015 – 16	Socraíodh na dátaí seo a leanas don chéad dá chruinniú: Dé Máirt 6ú Deireadh Fómhair. Dé Máirt 10 Samhain. Institiúid Oideachais Marino. Coláiste Mhuire, Marino. 10.30. nó 10.00 ag brath ar fhad an chur i láthair ar fhreagrachtaí bhaill an bhoird i gcomhthéacs an rialachais chorparáidigh.	
17. Aon ghnó eile	Ardaíodh ceist faoi chonas margaíocht a dhéanamh ar áiseanna COGG.	

	Luadh le linn an chruinnithe go bhfuil acmhainní faoi 1916 ag CCEA.	